Pleanáil Teanga san Iarthar

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bpróiseas pleanála teanga ar imeall Chathair na Gaillimhe. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo?

online
on the edge of
he is a member
suitable
bilingual
in the long-term
hard copies
the beginning of December
to sustain, to promote



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé air a bhfuil an suirbhé dírithe agus cén t-eolas a bhaileofar?

2. Cé mhéad duine atá ina gcónaí sa cheantar atá i gceist agus cá bhfuil sé go díreach?

3. Cad iad na modhanna ar fad a luaigh Conchúr Ó Brolcháin chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar?

Ceist 3 Tá gach séimhiú in easnamh sa sliocht gearr seo ón mír. Líon isteach anois iad agus bí in ann cúis gach séimhithe a mhíniú.

Mar cuid den próiseas pleanála teanga atá ar bun ar fud na tíre, tá suirbhé ar líne curtha faoi bráid muintir Bearna agus Cnoc na Cathrach, ar ciumhais thiar Cathair na Gaillimhe, le heolas a bailiú faoi

staid na Gaeilge sa gceantar. Tá as seo go ceann coicíse ag daoine le páirt a glacadh sa suirbhé.

Ceist 4 '…An chéad chéim…' agus '…an dara céim…'

Bain úsáid as na hainmfhocail seo – *bliain*, *sráid* agus *urlár* – chun na rialacha a bhaineann leis na horduimhreacha a mhíniú.

Ceist 5 '…ina bhall…'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an sampla thuas?

Cum abairtí anois chun an ghné sin a léiriú i ngach pearsa.

Ceist 6 Obair bheirte

Tá an bheirt agaibh in bhur mbaill den Choiste Pleanála Teanga san áit a bhfuil sibh in bhur gcónaí. Scríobh amach liosta cuimsitheach de na nithe ar fad a dhéanfadh sibh chun pobal láidir Gaeilge a chothú sa cheantar sin.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

online – ar líne
on the edge of – ar chiumhais
he is a member – tá sé ina bhall
suitable – oiriúnach
bilingual – dátheangach
in the long-term – go fadtréimhseach
hard copies – cóipeanna crua
the beginning of December – tús mhí na Nollag
to sustain, to promote – a chothú

Ceist 2

Féach an script.

Ceist 3

- ✓ Mar c**h**uid – séimhítear ainmfhocail a leanann **mar**.
- ✓ den p**h**róiseas pleanála teanga atá ar bun ar fud na tíre – séimhítear ainmfhocail a leanann **den** (seachas ainmfhocail a thosaíonn le d, t nó s).
- ✓ tá suirbhé ar líne curtha faoi b**h**ráid – séimhítear ainmfhocail a leanann **faoi**.
- ✓ faoi bhráid m**h**uintir B**h**earna agus C**h**noc na Cathrach – nuair a leanann aonad brí cinnte réamhfhocal comhshuite cuirtear séimhiú ar gach ainmfhocal a thagann ina dhiaidh, seachas an t-ainmfhocal deireanach. 'Foirm an ainmnigh in ionad an ghinidigh' ainm na rialach seo.
- ✓ ar c**h**iumhais thiar Chathair na Gaillimhe – séimhítear ainmfhocail a leanann **ar**, in amanna áirithe (nuair nach abairtíní dobhriathartha ná ainmneacha briathartha lena gcuirtear staid nó suíomh in iúl atá i gceist).
- ✓ le heolas a b**h**ailiú faoi staid na Gaeilge sa gceantar. Tá as seo go ceann coicíse ag daoine le páirt a g**h**lacadh sa suirbhé – séimhítear an t-ainm briathartha nuair a bhíonn **a** + ainm briathartha i gceist.

Ceist 4

- ✓ Bíonn séimhiú ar 'céad' tar éis an ailt agus cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal ar a lorg, seachas **d**, **t** agus **s**. Ní thagann aon athrú ar ainmfhocal a thosaíonn le guta tar éis 'céad' – *an chéad bhliain*, *an chéad sráid* agus *an chéad urlár*.
- ✓ Ní thagann aon athrú ar ainmfhocal dar tús consan tar éis na n-orduimhreacha ó **dara** ar aghaidh – *an dara bliain* agus *an t-ochtú sráid*.
- ✓ Cuirtear **h** roimh ainmfhocal dar tús guta tar éis na n-orduimhreacha ó **dara** ar aghaidh – *an dara hurlár* agus *an cúigiú hurlár*.

Ceist 5

An aidiacht shealbhach.
Samplaí:
Tá mé i mo chónaí sa Ghearmáin.
Tá tú i do mhac léinn.
Tá sé ina chainteoir maith./Tá sé ina amhránaí maith.
Tá sí ina cónaí san áit le fada./Ná hól a huisce.
Tá muid inár nGaeilgeoirí.
Tá na pinn in bhur mboscaí.
Tá a gcótaí ag crochadh ansin.

Ceist 6

Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar na rudaí ar fad a dhéanfadh siad chun an Ghaeilge a chothú ina gceantar. Pléigh na tuairimí a bhí ag gach beirt leis an rang iomlán ansin.

Eimear Ní Chonaola
Mar chuid den phróiseas pleanála teanga atá ar bun ar fud na tíre, tá suirbhé ar líne curtha faoi bhráid mhuintir Bhearna agus Chnoc na Cathrach, ar chiumhais thiar Chathair na Gaillimhe, le heolas a bhailiú faoi staid na Gaeilge sa gceantar. Tá as seo go ceann coicíse ag daoine le páirt a ghlacadh sa suirbhé.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tuairim is 12,000 duine atá ag maireachtaint[1] i gCeantar Bhearna/Chnoc na Cathrach ar imeall Chathair na Gaillimhe. Ar dhuine acu sin tá Conchúr Ó Brolcháin, atá ina bhall de Choiste Pleanála Teanga Bhearna/Chnoc na Cathrach. Maireann sé i gcroílár Bhearna agus is ann atá sé ag iarraidh a theaghlach a thógáil le Gaelainn[2]. Tá suirbhé ar líne anois seolta ag an gCoiste Pleanála in iarracht tuilleadh eolais a bhailiú faoi staid na Gaelainne sa dúthaigh[3].

Conchúr Ó Brolcháin, Coiste Pleanála Teanga Bhearna/Chnoc na Cathrach
Tá sé mar chuid den phróiseas pleanála teanga atá ag tarlú ar fud na tíre. An chéad chéim anseo is ea an suirbhé a sheoladh agus ansin, is dóigh liom, tuairimí an phobail a fháil maidir leis an nGaeilge. An dara céim ansin is ea plean a chur le chéile atá feiliúnach don cheantar seo. Beimid ag iarraidh méid na Gaeilge a mhéadú sa gceantar. Beimid ag iarraidh go mbeidh comharthaí dátheangacha sa gceantar. Beimid ag iarraidh go mbeidh daoine in ann an teanga a úsáid iad féin, i ngnónna[4] timpeall an cheantair agus sa bpobal níos leithne. Agus táimid ag iarraidh, is dóigh liom, a fháil amach ón suirbhé an bhfuil siad ag iarraidh go gcoinneoimid an stádas Gaeltachta. An bhfuil siad ag iarraidh mar shampla, réamhscoil a bhunú i mBearna, nó an bhfuil siad ag iarraidh, amach anseo go fadtréimhseach… céard iad na rudaí atá siad ag iarraidh don teanga.

Eibhlín Ní Choistealbha
Tá an suirbhé ar fáil ar líne agus tá cóipeanna crua ar fáil chomh maith. Tá as seo go ceann coicíse, tús mhí na Nollag, ag daoine é a líonadh isteach. Nuair a bheidh torthaí an tsuirbhé faighte thar n-ais ag an gCoiste, féachfar ansin le plean teanga a réiteach in iarracht pobal láidir Gaelainne a chothú agus úsáid na Gaelainne a neartú sa dúthaigh.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4, sa Ghaillimh.

[1] *ag maireachtáil* an leagan caighdeánach
[2] *Gaeilge* an leagan caighdeánach
[3] *dúiche* an leagan caighdeánach
[4] *i ngnóthaí* an leagan caighdeánach